Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1076

3.6.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1076 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2 Meitheamh 2025**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372 maidir le bearta sealadacha chun cosc a chur ar theacht isteach *Meloidogyne graminicola* (Golden & Birchfield) san Aontas, ar a ghluaiseacht agus a leathadh laistigh den Aontas, ar a iolrú agus a scaoileadh ann**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagail 30(1) agus 41(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372 ón gCoimisiún ([2]) foráiltear maidir le bearta sealadacha chun cosc a chur ar theacht isteach *Meloidogyne graminicola* (Golden & Birchfield) (an 'lotnaid shonraithe') san Aontas, ar a ghluaiseacht agus a leathadh laistigh den Aontas, ar a iolrú agus a scaoileadh ann.

(2) Cruthaíodh i leith na mbearta sin go bhfuil siad éifeachtach chun cosc a chur ar thabhairt isteach na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais, ar a gluaiseacht agus a leathadh laistigh di, ar a hiolrú agus a scaoileadh inti, toisc nár aimsíodh go raibh an lotnaid i láthair in aon limistéar den Aontas seachas na limistéir sin ina raibh sí iontu cheana tráth theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372.

(3) Laistigh de chríoch an Aontais, níl an lotnaid i láthair ach san Iodáil. I suirbhéanna a rinne údaráis na hIodáile sna limistéir imshrianta, léiríodh gur tháinig laghdú suntasach ar dhaonra na lotnaide sonraithe laistigh den dara bliain tar éis bhliain theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372. Mar sin féin, i ngeall ar a láithreacht, beidh gá le hiarrachtaí leanúnacha chun a áirithiú maidir leis an laghdú atá ag teacht ar dhaonraí na lotnaide sonraithe, go leanfaidh an laghdú sin ar aghaidh amach anseo.

(4) I bhfianaise na dtorthaí sin, ba cheart faireachán breise a dhéanamh ar éifeacht na mbeart dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372, go ceann bliain eile. Leis sin, beifear in ann meastóireacht níos críochnúla a dhéanamh ar a n-éifeachtaí ar dhaonraí na lotnaide sonraithe atá i láthair i gcríoch an Aontais. Ar bhonn na meastóireachta sin, féadfar a chinneadh maidir leis na bearta sealadacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372, an bhfuil siad éifeachtach go leor nó an mbeadh gá le hathbhreithniú breise ina leith.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí go mbeidh feidhm leis na bearta sin go dtí an 30 Meitheamh 2026.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372 a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta sealadacha chun cosc a chur ar theacht isteach *Meloidogyne graminicola* (Golden & Birchfield) san Aontas, ar a ghluaiseacht agus a leathadh laistigh den Aontas, ar a iolrú agus a scaoileadh ann (IO L 206, 8.8.2022, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1372/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372**

Sa dara mír d'Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372 cuirtear an dáta '30 Meitheamh 2026' in ionad an dáta '30 Meitheamh 2025'.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meitheamh 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN